C/2025/458

22.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/458)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Conca de Barberà’

PDO-ES-A1422-AM05

Dáta na teachtaireachta: 24 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. CUIMSIÚ FÍONA ORÁISTE MAR CHINEÁL D’FHÍON GEAL

Tuairisc

Áiríodh fíon oráiste, a tháirgeadh agus a shaintréithe orgánaileipteacha mar chineál fíona ghil.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha. Níor cuireadh aon chatagóir nua isteach, ach cuireadh cineál nua fíona ghil isteach i gcatagóir 1 den tsonraíocht táirge atá ann cheana.

Cúiseanna

Is cineál fíona ghil é a rinneadh roimhe seo in Conca de Barberà. Fíonta dinimiciúla sa bhéal a bhí iontu i gcónaí, iad diandaite agus láidir ó thaobh alcóil de. Mar thoradh ar theicnící táirgthe nua nach bhfuil chomh dian céanna le déanaí, tá glúin nua de na fíonta sin ann.

Tá méadú tagtha ar tháirgeadh fíonta oráiste le blianta beaga anuas agus, ós rud é nach ndéantar tagairt shainráite don chineál sin fíona i sonraíocht táirge an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint Conca de Barberà, ba ghá é a chur leis.

2. CUR ISTEACH AN ‘MÉTHODE ANCESTRALE’ CHUN FÍONTA SÚILÍNEACHA AGUS FÍONTA LEATHSHÚILÍNEACHA AR ARDCHAIGHDEÁN A DHÉANAMH

Tuairisc

Áiríodh tagairt d’fhíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha ar ardchaighdeán a dhéantar leis an ‘méthode ancestrale’, a dtáirgeadh agus a saintréithe orgánaileipteacha.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha. Níor cuireadh aon chatagóir nua leis, ach áiríodh cineál nua fíona a rinneadh leis an modh réamhluaite i gcatagóirí 5 agus 8 den tsonraíocht táirge atá ann cheana.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúiseanna

Níor thagair an tsonraíocht roimhe seo ach do tháirgeadh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a dhéantar leis an modh traidisiúnta. Le blianta beaga anuas, áfach, tá fíonlanna tar éis a bheith nuálach agus anois déanann siad fíonta súilíneacha agus an 'méthode ancestrale' á úsáid acu. Is gá, dá bhrí sin, fíonta den sórt sin a áireamh, mar aon le fíon leathshúilíneach a dhéantar leis an 'méthode ancestrale'.

3. TUAIRISC ORGÁNAILEIPTEACH FEABHSAITHE

Tuairisc

Cuireadh feabhas ar na tuairiscí orgánaileipteacha ar na cineálacha éagsúla fíona agus tugadh le chéile i dtábla iad.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna

Tá sé i gceist feabhas a chur ar an tuairisc ar an táirge.

4. CEARTÚCHÁIN

Tuairisc

— tá méadú tagtha ar neart alcóil iarbhír íosta na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ó 9,5 % go 10 %;

— sloinneadh aonaid na siúcraí iarmharacha roimhe seo mar ghraim in aghaidh an lítir de 'glúcós agus fruchtós' agus sloinntear anois iad mar 'glúcós, fruchtós agus siúcrós' le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, agus mar 'glúcós agus fruchtós' le haghaidh na bhfíonta eile;

— scriosadh an tagairt do 'Moscatel';

— ceartaíodh cuid de na paraiméadair le haghaidh siúcra, ag brath ar an gcineál fíona shúilínigh ar ardchaighdeán;

— cuireadh deireadh leis an rogha fíon a stóráil sa limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe: ní féidir ach táirgeadh agus aosú a dhéanamh sa limistéar sin.

Leasaíodh pointí 2.2 agus 8.4 den tsonraíocht táirge agus pointí 4 agus 9 den doiciméad aonair dá réir sin.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna

Tá an deis á tapú againn na ceartúcháin sin a dhéanamh ionas go mbeidh an téacs i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm. Ní úsáidtear 'Moscatel' le haghaidh na bhfíonta a chumhdaítear leis an ATFC seo.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Conca de Barberà

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon geal agus fíon rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Geal

Cuma: is féidir leis an dath a bheith sa raon idir buí scothghlas éadrom go dianór ag brath ar an leibhéal aosaithe agus/nó cé acu a bhí nó nach raibh teagmháil le hadhmad le linn an phróisis táirgthe. Glan agus gan mhoirtiúlacht

Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha agus/nó bláthacha agus iad óg, d'fhéadfadh dea-bholaithe treasacha agus bolaithe tóstáilte nó adhmadacha fiú a bheith orthu má bhí teagmháil le hadhmad.

Blas: éadrom agus úr sa bhéal agus iad óg, agus níos olartha agus struchtúrtha agus iad coipthe nó nuair aosaítear i mbairillí iad.

Fíon oráiste

Cuma: d'fhéadfadh roinnt moirtiúlachta a bheith ann mar thoradh ar an bpróiseas táirgthe, le himireacha a d'fhéadfadh a bheith idir buí agus oráiste.

Dea-bholadh: dea-bholaithe príomha i láthair sna fíonta geala, d'fhéadfadh bolaithe ocsaídiúcháin, luibheolaíocha, plandaí agus/nó luibhe a bheith orthu.

Blas: d'fhéadfadh blasanna searbha agus/nó tainneacha a bheith orthu mar thoradh ar an bpróiseas táirgthe.

Rosé

Cuma: is féidir leis an dath a bheith éagsúil ó dhearg dian le himreacha corcairghorma agus craicinn oinniúin, go himreacha oráiste, ag brath ar leibhéal an aosaithe agus/nó cé acu a bhí nó nach raibh teagmháil le hadhmad le linn an phróisis táirgthe. Glan agus gan mhoirtiúlacht.

Dea-bholadh: láidir, le bolaithe torthaíocha agus/nó bláthacha agus iad óg, d'fhéadfadh bolaithe treasacha nó bolaithe tipiciúla den aosú a bheith orthu.

Blas: aigéadacht shéimh, chothrom agus blas torthaíoch.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 250 milleagram in aghaidh an lítir i gcás ina bhfuil an méid siúcra 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó ná sin.

* Beidh feidhm ag an reachtaíocht Chomhphobail ábhartha maidir le teorainneacha paraiméadar nach gcumhdaítear.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10

— Aigéadacht iomlán íosta 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *Fíon dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: is féidir leis an dath a bheith éagsúil ó shilíní diana le himreacha corcairghorma go dath an rúibín le himir ócair, de réir mar a mhéadaíonn leibhéal an aosaithe.

Dea-bholadh: dea-bholaithe glana agus diana. Bíonn na fíonta óga torthaíoch agus bíonn bolaithe treasacha orthu, lena n-áirítear bolaithe tóstáilte, nuair a bhí teagmháil acu le hadhmad.

Blas: tá aigéadacht chothromaithe agus iarbhlas idir meánach agus fada ag na fíonta óga. Iad siúd a choiptear agus/nó a aosaítear i mbairillí, bíonn siad dian, struchtúrtha agus fada.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 150 milleagram in aghaidh an lítir i gcás inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás ina bhfuil an méid siúcra 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó ná sin.

* Beidh feidhm ag an reachtaíocht Chomhphobail ábhartha maidir le teorainneacha paraiméadar nach gcumhdaítear.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

3. *Fíon licéir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta licéir (uile)

Cuma: idir dathanna níos teimhní agus níos déine agus na dathanna níos forbartha a dtugtar tuairisc orthu i gcás fíonta geala agus dearga, fiú ag éirí ómra le himireacha copair, ag brath ar a leibhéal aosaithe.

'Vino de licor dulce natural' (fíon licéir mhilis a dhéantar trí threisiú)

Dea-bholadh: te go réidh le dea-bholaithe rísíní, meala, torthaí aibí a chuireann blasanna agus dea-bholaithe na bhfíonchaor i gcuimhne.

Blas: olartha agus fada.

Fíonta licéir 'Mistela'

Dea-bholadh: te go réidh. Tá na fíonta síodúil agus miliúil, le dea-bholaithe rísíní, meala, torthaí aibí agus a chuireann blasanna agus dea-bholaithe na bhfíonchaor i gcuimhne.

Blas: olartha agus fada le halcól dea-chomhtháite.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 150 milleagram in aghaidh an lítir i gcás inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás ina bhfuil an méid siúcra 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó ná sin.

* Beidh feidhm ag an reachtaíocht Chomhphobail ábhartha maidir le teorainneacha paraiméadar nach gcumhdaítear.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 15

— Aigéadacht iomlán íosta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 33,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: tá an dath mar a thugtar tuairisc air le haghaidh na bhfíonta geala, rosé agus dearga. Agus dé-ocsaíd charbóin iontu i ngach cás.

Dea-bholadh: dea-bholaithe úra agus torthaíocha a bhaineann go sonrach leis na cineálacha fíonchaor óna ndéantar iad.

Blas: úr agus uachtarúil agus cothromaíocht mhaith idir milseacht, aigéadacht agus alcól.

* Beidh feidhm ag an reachtaíocht Chomhphobail ábhartha maidir le teorainneacha paraiméadar nach gcumhdaítear.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10

— Aigéadacht iomlán íosta 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) 185

5. *Fíon leathshúilíneach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíon leathshúilíneach

Cuma: tá an dath mar a thuairiscítear le haghaidh na bhfíonta geala, rosé nó dearga ach tá dé-ocsaíd charbóin iontu chomh maith.

Dea-bholadh: láidir, torthaíoch agus/nó bláthach.

Blas: cothromaithe, úr agus is cúis le braistint ghriofadach bheag mar gheall ar scaoileadh dé-ocsaíde carbóin.

Fíon leathshúilíneach a dhéantar leis an ‘méthode ancestrale’

Cuma: tá an dath mar a thuairiscítear le haghaidh na bhfíonta geala, rosé nó dearga ach tá dé-ocsaíd charbóin iontu chomh maith.

Dea-bholadh: dea-bholaithe úra agus torthaíocha a bhaineann go sonrach leis na cineálacha fíonchaor óna ndéantar iad.

Blas: úr agus cothromaíocht mhaith idir milseacht, aigéadacht agus alcól.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 milleagram in aghaidh an lítir (i gcás fíonta geala agus rosé) agus 150 milleagram in aghaidh an lítir (i gcás fíonta dearga) inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 250 milleagram in aghaidh an lítir (i gcás fíonta geala agus rosé) agus 200 milleagram in aghaidh an lítir (i gcás fíonta dearga) ina bhfuil an méid siúcra 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó ná sin.

* Beidh feidhm ag an reachtaíocht Chomhphobail ábhartha maidir le teorainneacha paraiméadar nach gcumhdaítear.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 9

— Aigéadacht iomlán íosta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Srian maidir le fíon a dhéanamh

Ní mór na fíonchaora a bhaint go han-chúramach. Ní fhéadfar ach fíonchaora atá aibí a ndóthain chun fíonta a tháirgeadh a bhfuil neart alcóil nádúrtha 9 % ar a laghad iontu a úsáid le haghaidh ATFC. Ní fhéadfaidh an táirgeacht a bheith níos mó ná 70 lítear d'úrfhíon nó d'fhíon in aghaidh gach 100 kg d'fhíonchaora a bhaintear.

5.2. *Uastáirgeacht*

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

84 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar comhdhéanta de dháileachtaí fíonghort lonnaithe laistigh de na bardais nó de na limistéir gheografaigh seo a leanas: Barberà de la Conca, Blancafort, Conesa, L'Espluga de Francolí, Forès, Montblanc, Pira, Rocafort de Queralt, Sarral, Senan, Solivella, Vallclara, Vilaverd agus Vimbodí. I mbardas Vilanova de Prades, ceapacha cláir talún 11, 16, 20, 21 agus dáileacht 23 de cheapach cláir talún 10. I mbardas Cabra del Camp, ceapach 1, dáileachtaí 13, 15, 18, 28, 29, 34, 66 agus 77. Ceapach 4, dáileachtaí 35 agus 51. I mbardas Aiguamúrcia, ceapach 35, dáileacht 14; ceapach 36, dáileacht 1; ceapach 41, dáileacht 13.

Tá na ceapacha dá dtagraítear sna bardais Cabra del Camp agus Aiguamúrica lasmuigh de theorainneacha ATFC Conca de Barbera. Go stairiúil, áfach, ba mhaoin de chuid na gcomhpháirtithe i bhfíonlann Barbera de la Conca, SCCL agus/nó soláthróirí do Bodegas Concavins, SA. Féadfar iad a úsáid dá bhrí sin i dtáirgeadh fíonta a chosnaítear le ATFC 'Conca de Barbera' áit ina gcomhlíonann siad freisin na ceanglais seo a leanas:

— Úsáideadh fíonchaora ó na heastáit réamhluaite sna fíonlanna réamhluaite roimh an 1 Eanáir 1989.

— Leanfaidh an t-údarú sin de bheith i bhfeidhm fad atá úinéireacht na bhfíniúnacha réamhluaite ag na húinéirí reatha nó a sliochtaigh dhíreacha. Measfar mar údarú indibhidiúil é a bheidh le seiceáil go haonarach.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

AGUDELO - CHENIN BLANC

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA

GARNACHA TINTA

GARRO - MANDO

MACABEO – VIURA

MAZUELA - SAMSÓ

MERLOT

MERSEGUERA - SUMOLL BLANCO

MONASTRELL

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PARELLADA

PINOT NOIR

QUEROL

SAUVIGNON BLANC

SUMOLL TINTO

SYRAH

TEMPRANILLO – ULL DE LLEBRE

TREPAT

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Cuidíonn aeráid na Meánmhara a mhaolaítear le séimhe chósta Tarragona, ilchríochach na limistéar thart ar Lleida agus an difríocht shuntasach teochta istoíche agus i rith an lae fíonta geala éadroma ar ardcháilíocht a tháirgeadh a mbíonn dea-bholadh torthaíoch mín orthu agus leibhéil réasúnta íseal alcóil acu. Bíonn na fíonta rosé éadrom, torthaíoch agus úr mar gheall ar an aigéadacht measartha íseal a bhíonn iontu. Bíonn na fíonta óga dearga mín, éadrom agus blasta sa bhéal. Bíonn níos mó tathaig sna fíonta dearga aosaithe agus baineann siad castacht aramatach mhór agus fad amach.

Tugann na hithreacha Conca de Barberà ina bhfuil dúrabhán sioltach agus dúrabhán cré iontu tathag agus struchtúr do na fíonta geala mar a thugann siad do na fíonta dearga agus rosé. Déanann na léibhinn abhann na fíonta geala agus rosé níos boige, agus tugann na hithreacha scealla, lena bhflúirse de shlinne, níos mó datha agus struchtúr níos fearr do na fíonta dearga.

8.2. *Fíon súilíneach agus fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán*

Cré-aolchloiche atá sna hithreacha is sainiúla a aimsítear in Conca de Barberà. Tugann siad tathag agus struchtúr do na fíonta súilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha araon. Ar an taobh eile, tugann na léibhinn abhann, níos mó boige dóibh.

8.3. *Fíon licéir*

Tugann ithreacha scealla an limistéir dath agus struchtúr níos fearr do na fíonta licéir.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór pacáistíocht a shainaithint go haonarach le séala bunaithe an ATFC agus le huimhir aonair uathúil ar gach pacáiste. Sanntar an uimhir de réir baisce san fhíonlann tráth an phacáistithe.

Níor cheart airde na gcarachtar a úsáidtear chun Conca de Barberà a léiriú a bheith níos mó ná 4 mhilliméadar, nó leath an airde sin le haghaidh na bhfocal 'Denominación de Origen' (ainmniúcháin tionscnaimh).

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar an lipéad:

— Ainm an bhardais a luaitear san fhaisnéis maidir leis an mbuidéalaí nó an iompróir.

— An neart alcóil iarbhír de réir toirte sloinnte in aonaid nó leath-aonaid a chéatadáin de réir toirte, agus an giorrúchán % toirte ina dhiaidh.

— Ráiteas, i gcás inarb infheidhme, maidir le láithreacht suilfítí sa táirge buidéalaithe.

— Uimhir chlárúcháin i gClár Buidéalaithe na Roinne Talmhaíochta, Beostoic, Iascaigh, Bia agus Comhshaoil.

— Má úsáidtear ainm trádála, ní mór dó a bheith suite sa réimse amhairc agus cláraithe, roimh ré le hOifig Paitinní agus Trádmharcanna na Spáinne. Ní mór fógra a thabhairt faoin gclárúcháin seo do Chlár Buidéalaithe na Roinne Talmhaíochta, Beostoic, Iascaigh, Bia agus Comhshaoil.

— Féadfar an bhaiscuimhir a chur taobh amuigh den réimse amhairc ina bhfuil an fhaisnéis éigeantach le feiceáil.

— Ainm cineáil, más rud é go bhfuil 85 % nó níos mó de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a tháirgeadh den chineál seo.

— Ainmneacha suas le trí chineál, ar choinníoll go ndéantar an fíon atá i gceist de na trí chineál sin, agus i gcónaí in ord íslitheach ó thaobh céatadáin sa chumasc.

— Má tá níos mó ná trí chineál ann, is féidir iad a lua lasmuigh den réimse amhairc ina bhfuil an fhaisnéis éigeantach le feiceáil i gcónaí in ord íslitheach ó thaobh céatadáin sa chumasc.

— Bliain na buainte, más rud é gur baineadh 85 % nó níos mó de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a tháirgeadh sa bhliain atá le lua sa tuairisc.

— Maidir le hainmniúchán fíonta ar a bhfuil ainm an tsaothróra fíniúna nó an eastáit, ní mór don fhíon teacht as fíniúna a d'fhás an saothróir fíniúna sin nó a bheith cláraithe leis an eastát, agus a bheith déanta go heisiach as barra an tsaothróra fíniúna amháin agus ar an eastát faoi seach.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Údaraítear an cleachtas traidisiúnta trína ndéantar fíonta agus trína n-aosaítear iad sa limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe, ar choinníoll gur leanadh an cleachtas sin san am a chuaigh thart, faoi réir a n-údaraithe, agus tar éis na himthosca ábhartha i ngach cás a mheas.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://incavi.gencat.cat/.content/005-normativa/plecs-condicions-do-catalanes/Arxius-plecs/Conca-de-Barbera-modificacio-PC-AM05-2024.pdf